Parlaimint na hEorpa
2014-2019

An Coiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne

2017/0336(COD)

19.6.2018

DRÉACHT-TUAIRIM

ón gCoiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne

chuig an gCoiste um Fhorbairt Réigiúnach

ar an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena leagtar síos forálacha coiteanna maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, le Ciste Sóisialta na hEorpa, leis an gCiste Comhtháthaithe, leis an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe agus leis an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh agus lena leagtar síos forálacha ginearálta maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, le Ciste Sóisialta na hEorpa, leis an gCiste Comhtháthaithe agus leis an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1083/2006 ón gComhairle maidir le tacaíocht le haghaidh athchóirithe struchtúracha sna Ballstáit
(COM(2017)0826 – C8-0432/2017 – 2017/0336(COD))

Rapóirtéir don tuairim: Sirpa Pietikäinen

RÉASÚNÚ GEARR

Is minic nach n-aithníonn lucht déanta beartas conas agus cén fáth nach bhfuil cinntí infheistíochta agus leithdháiltí buiséadacha neodrach ó thaobh inscne de. Mar sin féin, de dheasca an neamhionannais inscne struchtúraigh atá fós inár sochaí, bíonn tionchar difriúil ag infheistíochtaí agus leithdháiltí buiséadacha ar fhir agus ar mhná.

Mar a léirigh Innéacs Comhionannas Inscne 2017 ón Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne (EIGE), tá an dul chun cinn i dtreo comhionannas inscne fós mall. Léirigh an tInnéacs go bhfuil gá le beartais rialtais chun riachtanais shonracha na mban agus na bhfear a aimsiú chun timpeallacht a chruthú ina bhfuil na roghanna céanna agus na deiseanna céanna ag fir agus mná maidir le páirt iomlán a ghlacadh sa saol sóisialta, sa saol oibre agus i saol an teaghlaigh.

Nuair a dhéantar cinntí infheistíochta agus leithdháiltí buiséadacha, ní chuirtear san áireamh seasamh eacnamaíoch, polaitiúil nó sóisialta difriúil na mban agus na bhfear, lena n-áirítear roghanna, róil nó úsáid ama. D'fhéadfadh sé nach mbeadh faisnéis nó anailís ann faoi thionchar difreálach na gcinntí agus na leithdháiltí. I gcás nach ndearnadh measúnú tionchair inscne, a tharlaíonn go héasca agus go neamhbheartaithe go minic, déantar cinntí infheistíochta atá fabhrach do roghanna na bhfear. Is measúnú tionchair inscne an chéadchéim i dtreo éifeachtaí neamhbheartaithe a sheachaint nach gcuireann comhionannas inscne chun cinn. Tugann na measúnuithe sin deis do lucht déanta beartas an tionchar a bheidh ag infheistíocht nua nó ag clár nua ar shaolta na mban nó saolta na bhfear a thuar, chomh maith leis an tionchar ar chomhionannas inscne.

Chomh maith leis sin, is gá lucht déanta beartas agus lucht déanta cinntí a chur ar a n-airdeall maidir leis an ngá atá le measúnuithe tionchair inscne, mar gan na measúnuithe tionchair inscne sin, is annamh a mbíonn a gcinntí neodrach ó thaobh inscne de – bíonn siad dall ó thaobh inscne de. Ina theannta sin, ba cheart go nglacfaí gníomhaíocht dhearfach agus idirdhealú dearfach mar uirlisí chun a áirithiú go ndéanfar bearta níos gníomhaí chun comhionannas inscne a bhaint amach, atá cumhdaithe, *inter alia*, sa straitéis Eoraip 2020 agus sa Chomhaontú Eorpach um Meabhairshláinte.

LEASUITHE

Iarrann an Coiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne ar an gCoiste um Fhorbairt Réigiúnach, mar an coiste atá freagrach, na leasuithe seo a leanas a chur san áireamh:

Leasú 1

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(1) Óir cuidíonn rialachas eacnamaíoch an Aontais chun comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach a bhaint amach, ba	(1) Óir cuidíonn rialachas eacnamaíoch an Aontais chun comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach a bhaint amach,

cheart an fhéidearthacht a bheith ann tacú leis na gealltanais athchóiriúcháin arna ndéanamh ag na Ballstát chun moltaí ábhartha ón gComhairle a chur chun feidhme, nó chun cur le tionchar chistí an bheartais comhtháthaithe ar an bhfás agus ar an iomaíochas mar chineál sonrach tacaíochta arna cur chun feidhme sa bhainistiú díreach.	***agus tá sé mar aidhm leis freisin an t-idirdhealú a dhíothú, comhionannas idir fir agus mná a chur chun cinn, agus an ghné inscne a chomhtháthú,*** ba cheart an fhéidearthacht a bheith ann tacú leis na gealltanais athchóiriúcháin arna ndéanamh ag na Ballstát chun moltaí ábhartha ón gComhairle a chur chun feidhme, nó chun cur le tionchar chistí an bheartais comhtháthaithe ar an bhfás agus ar an iomaíochas mar chineál sonrach tacaíochta arna cur chun feidhme sa bhainistiú díreach.
	Or. en

Leasú 2

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 1 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(1a) Is é an aidhm atá le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, le Ciste Sóisialta na hEorpa agus leis an gCiste Comhtháthaithe ná tacú le fás inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de, le geilleagar ciorclach inbhuanaithe agus le cuimsiú sóisialta. Is gá na cistí agus na hathchóirithe struchtúracha sin sna Ballstáit a ailíniú agus ní mór go dtacóidís go gníomhach leis an gcuspóir comhionannas inscne agus aidhmeanna eile lena mbaineann a bhaint amach, mar a áirítear sa straitéis Eoraip 2020 agus sa Chomhaontú Eorpach um Chomhionannas Inscne.
	Or. en

Leasú 3

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 2 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(2a) Ba cheart go mbeadh an cinneadh ó Bhallstát maidir leis an gcúlchiste feidhmíochta a leithdháileadh ag brath ar mheasúnaithe tionchair inscne a bhunú. Leis sin d'áiritheofaí go rachadh na Ballstáit i mbun gníomhaíocht dhearfach chun athchóirithe a cur chun feidhme, athchóirithe lena ndéanfaí comhionannas inscne agus fás inbhuanaithe agus cuimsitheach sóisialta a chur chun cinn.

Or. en

Leasú 4

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7
Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013
Airteagal 23a – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Maidir le Ballstát a roghnaíonn an cúlchiste feidhmíochta a ath-leithdháileadh i bpáirt nó ina iomláine faoi phointe (b) d'Airteagal 22(1a), molfaidh sé don Choimisiún tacar mionsonraithe beart is iomchuí maidir le hathchóirithe struchtúracha a chur chun feidhme i gcomhréir le dlí an Aontais. Áireofar sa mholadh sin gealltanais athchóiriúcháin ina mbeidh garspriocanna agus spriocanna chun na bearta athchóiriúcháin a chur chun feidhme, agus amchlár trí bliana ar a mhéad.	1. Maidir le Ballstát a chinneann an cúlchiste feidhmíochta a ath-leithdháileadh i bpáirt nó ina iomláine faoi phointe (b) d'Airteagal 22(1a), molfaidh sé don Choimisiún tacar mionsonraithe beart is iomchuí maidir le hathchóirithe struchtúracha a chur chun feidhme i gcomhréir le dlí an Aontais, ***agus aird chuí á tabhairt ar thorthaí na measúnuithe tionchair inscne.*** Áireofar sa mholadh sin gealltanais athchóiriúcháin ina mbeidh garspriocanna agus spriocanna chun na bearta athchóiriúcháin a chur chun feidhme, agus amchlár trí bliana ar a mhéad.

Or. en